Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2575

27.9.2024

# CINNEADH (AE) 2024/2575 ÓN gCOMHAIRLE

## an 23 Meán Fómhair 2024

## lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na hIodáile,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 17 Eanáir 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/87 ([2]), lena gceaptar ceathrar comhaltaí, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún.

(3) Ceapadh Dario NARDELLA mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 25 Bealtaine 2024. Dá bhrí sin, tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh.

(4) Mhol Rialtas na hIodáile Matteo LEPORE, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Sindaco del Comune di Bologna* (Méara Bologna), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Matteo LEPORE, ionadaí de chomhlacht réigiúnach a bhfuil aige sainordú toghchánach *Sindaco del Comune di Bologna* (Méara Bologna), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

FELDMAN Z.

---

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj.

([2]) Cinneadh (AE) 2022/87 ón gComhairle an 17 Eanáir 2022 lena gceaptar ceathrar comhaltaí, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún (IO L 14, 21.1.2022, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/87/oj).